**RABHADH**

An bhileog seo a thabhairt ar ais le do fhreagarleabhar – sin nó caillfear marcanna.

**M. 41T**

**Cuir do SCRÚDUIMHIR anseo ☞**

| |
|---|
| |

**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA**
**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2000**

**EACNAMAÍOCHT TALMHAÍOCHTA – GNÁTHLEIBHÉAL**
**(320 marc)**

**DÉ CÉADAOIN 21 MEITHEAMH, MAIDIN 9.30 – 12.00**

**Freagair cúig cheist déag as CUID I agus ceithre cheist as CUID II. Ní cóir dhuit níos mó ná uair a chloig a chaitheamh le CUID I.**

**THALL ®**

**Cuid I (120 marc)**

**Freagair cúig cheist déag.**
**Scríobh na freagraí ins na spásanna cuí.**
**Tá an líon chéanna marcanna ag na ceisteanna uilig.**

1. Cén bhrí atá ag **"feirmeoirí ina dtomhaltóirí"** dar leat?

______________________________________________

______________________________________________

2. Cén difir is mó atá ann in úsáid talún nó barraí ag fás idir Cúige Laighean agus Cúige Connachta?

______________________________________________

______________________________________________

3. Is ionann Ollfhoirmiú Caipitil lúide ________________________ agus Glanfhoirmiú Caipitil.

4. Ainmnigh **<u>ceann amháin</u>** den dá Ionchur Idirmheánach de réir luacha is mó dá bhfuil ag earnáil na feirmeoireachta in Éirinn.

______________________________________________

5. Tabhair fáth **<u>amháin</u>** nach bhfuil lán-úsáid á baint go hiondúil as an acmhainn phróiseála atá ag comhlachtaí déiríochta in Éirinn.

______________________________________________

______________________________________________

6. Cén bhrí a bhaineann tusa as **Léaslíne Pleanála** an fheirmeora?

______________________________________________

______________________________________________

7. Sampla **<u>amháin</u>** den **Neamhinaistritheacht Acmhainní** san fheirmeoireacht.

______________________________________________

8. Ainmnigh **<u>ceann amhain</u>** des na trí thréimhse táirgeachta is gnáth idirdhealú a aithint orthu i gcúrsaí soláthair

______________________________________________

9. Léirigh an difir idir an pháirt atá ag an fheirmeoir sa mhargadh táirgí agus sa mhargadh tosca.

______________________________________________

______________________________________________



10. Cén t-ainm atá ar an innéacs chun boilsciú a mheas?

______________________________________________________________________

11. Céard é **dímheas dronlíneach**?

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

12. Ainmnigh **<u>dhá</u>** chóimheas táirgeachta atá á gcur i bhfeidhm in anailís chomparáideach ar fheirmeacha:

**(1)**______________________________________**(2)**__________________________________

13. Cén fheidhm atá ag **buiséad shreabhadh airgid** ar fheirm?

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

14. Luaigh **<u>aon</u>** cháin **<u>amháin</u>** chaipitil a leagtar ar fheirmeoirí.

______________________________________________________________________

15 Céard é an **Suirbhé Bhuiséid Theaghlaigh**?

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

16. Siad an príomh-dhream ag déanamh na gcinneadh san AE ná an ____________________________

17. Déan trácht ghairid faoi chlamhsán **<u>amháin</u>** atá coitianta maidir le feirmeoireacht pháirt-aimsire.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

18. Tá go leor slite ag ballstáit an AE chun íoc as an bhuiséad. Ainmnigh ceann **<u>amháin</u>** díobh.

______________________________________________________________________

19. Cén bhrí a bhaineann tusa as an téarma REPS?

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

20. Cén príomh-athrú ar glacadh leis ins an comhráití faoi Agenda 2000 maidir le beartas faoi ghránach?

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

M.41(A)T

**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA**
**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2000**

# EACNAMAÍOCHT TALMHAÍOCHTA - GNÁTHLEIBHÉAL

**DÉ CÉADAOIN 21 MEITHEAMH – MAIDIN 9.30 – 12.00**

**Tá CUID I ar bhileog faoi leith agus spásanna dos na freagraí. Ba cheart an bhileog san in iomláine a chur isteach le do fhreagarleabhar.**

**THALL ®**

**CUID II (200 marc)**

**Freagair do rogha ceithre cheist.**
**Scríobh na freagraí don chuid seo sa fhreagarleabhar atá ar fáil.**
**Tá an líon céanna marcanna acu uilig.**


**1.** Maidir leis an lucht oibre san fheirmeoireacht:

(a) Cad iad na deacrachtaí speisialta atá ann chun líon an lucht oibre a mheas?

(b) Mínigh an difir sa chur chuige atá ann idir an Daonáireamh agus Suirbhé an AE agus iad ag meas líon an lucht oibre.

(c) Cén difir atá ann idir na torthaí ón dá fhoinse?

**2.** Seo léaráid den soláthar agus den éileamh maidir le margadh na mairteola:



(a) Déan an léaráid a chur isteach sa fhreagarleabhar, agus cuir lipéidí soiléire ar na haiseanna, agus ar na cuair sholathair agus éilimh.


(b) Taispeáin ar an léaráid an phraghas-chothromaíocht agus an chothromaíocht chainníochta.

(c) Mínigh cén chaoi a rachadh na hathruithe seo i bhfeidhm ar phraghas na mairteola i saor-mhargadh.

(i) laghdú i bpraghas na muiceola;
(ii) ardú ar chumhacht ceannaigh na dtomhaltóirí.
(iii) eipidéim nua den Gh.B.M. (BSE)

(Bain úsáid as léaráidí, más mian leat)

**3.** Léirítear laistíos anseo na gluaiseachtaí fadtéarmacha i soláthar, in éileamh agus i bpraghsanna ar tháirgeacht thalmhaíochta.
Cuir an léaráid isteach i do fhreagarleabhar.



(i) Cuir lipéidí ainmnithe ar na haiseanna, ar na línte éileamh/soláthar, agus ar na leibhéil phraghas-chothromaíochta.

(ii) Cad iad na príomh-fhórsaí atá ag athrú an éilimh agus an tsoláthair i dtáirgeacht talmhaíochta thar thréimhse ama?

(iii) Conas mar atá difir idir na fórsaí úd ag táirgí éagsúla?

**4.** (a) Baineann na sonraí seo i £Éir. le feirm áirithe. Ríomhaigh na nithe seo:
(i) Táirgeacht Iomlán
(ii) Mór-chorrlach
(iii) Ioncam na Feirme Teaghlaigh.

| Díolacháin lúide Ceannacháin | Íocaíochtaí Díreacha | Athrú Fhardail | Tomhaltas an Teaghlaigh |
|---|---|---|---|
| + £55,000 | + £12,000 | - £500 | + £750 |

Costaisí Seasta £17,000
Costaisí Inathraithe £25,000

(b) Luaigh **<u>trí</u>** shampla de chostaisí seasta agus luaigh **<u>trí</u>** cinn de chostaisí inathraithe a bhaineann le feirmeoireacht.

**5.** (a) Tóg na sonraí seo in Éirinn don bhliain 1998, agus ríomhaigh bearna an ioncaim:
Lucht oibre na Feirme Teaghlaigh 130,000
Ioncam na Feirme Teaghlaigh £1,690m
Meán-tuarastal bliantúil ag oibrí Tionscail £15,000

(b) Rinneadh an t-ioncam feirme teaghlaigh a mheas ar an mheán, ach folaítear na héagsúlachtaí i ndáileadh ioncaim thar an earnáil fheirmeoireachta. Mínigh **dhá** chúis atá leis an éagsúlacht ioncaim sin.

**6.** (a) Mínigh cén fáth go bhfuil **rialú soláthair** á chur i bhfeidhm faoin Bheartas comónta Talmhaíochta.

(b) Cuirtear i bhfeidhm é san fheirmeoireacht tríd:
(i) rialú ar ionchuir;
(ii) rialú ar an mhéid tháirgeachta ag leibhéal feirme.

Tabhair cuntas ar an slí ina n-oibríonn an **dá** chur-chuige sin, agus bíodh sampla **amháin** i ngach cás.